NPWS
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

Iarratais ar Rialachán 54 Maoluithe maidir le speicis Iarscríbhinn IV

Treoir d'Iarratasóirí

Leagan 2.0 Meitheamh 2026

Clár an Ábhair

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 4
2. Cúlra 6
   I. Speicis atá faoi réir Dianchosanta 6
   II. Córas dianchosanta 6
   III. Maoluithe ó Dhianchosaint 7
   IV. Prionsabal na Comhréireachta 7
   V. Prionsabal an Réamhchúraim 8
3. Iarratas a dhéanamh ar Mhaolú 9
   I. Tástáil 1: Tá feidhm ag cúis/cúiseanna a liostaítear i Rialachán 54 (a)-(e) maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe 9
   II. Tástáil 2: Rogha mhalartach shásúil in easnamh 13
   III. Tástáil 3: Tionchar maolaithe ar stádas caomhantais 16
4. Faireachán ar éifeachtaí an mhaolaithe 18
5. Am an Iarratais ar Mhaolú 19
6. Foscríbhinn I – Sreabhchairt chun Maolú a Eisiúnt (Léiriú ó Threoir CE, 2011, lch. 49) 20
7. Foscríbhinn II – Sampla 1:Deisiúcháin ar Struchtúr Droichid Chontúirtigh 21
8. Foscríbhinn III – Sampla 2: Tógáil Forbartha Tithíochta 23

Tabhair faoi deara

Tá an fhaisnéis a thugtar sa doiciméad seo beartaithe mar threoir ghinearálta a bhaineann le speicis atá faoi dhianchosaint agus níl sé ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil.

1. Réamhrá

Is é cuspóir na treorach seo doiciméad tagartha a sholáthar d'iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith páirteach in ullmhú iarratas ar mhaoluithe arna n-eisiúint faoi Rialachán 54 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011-2021 ("Rialacháin 2011"). Is ionann an Treoir Fhorlíontach seo agus Treoirlínte oifigiúla an Aire chun críocha rialachán 71(2) de na Rialacháin: "(2) Féadfaidh an tAire cibé treoirlínte agus cóid chleachtais a eisiúint is cuí leis nó léi chun treoir a thabhairt don phobal i ndáil leis na Rialacháin seo".

Moltar d'iarratasóirí féachaint ar na foilseacháin seo a leanas sula gcuireann siad aon mhaolú faoi bhráid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) lena mheasúnú. Soláthraítear leo faisnéis chúlra agus léirmhíniú teicniúil ar théarmaí a úsáidtear sa treoir seo.

- Treoir maidir le Speicis Áirithe Ainmhithe agus Plandaí a Chosaint go Dian faoin Treoir maidir le Gnáthóga in Éirinn (2021, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)
    - Tugtar forbhreathnú sa doiciméad seo ar an gcóras dianchosanta mar atá feidhm aige in Éirinn. Leagtar amach go sonrach ann próiseas cinnteoireachta d'údaráis phoiblí agus iad ag déileáil le hoibreacha beartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do speicis atá faoi dhianchosaint.
- Mullen, E., Marnell, F. & Nelson, B. (2021) Dianchosaint ar Speicis Ainmhithe. *Treoir maidir leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra*, Uimh.1. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Tithíochta. Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta
    - Déantar cur síos sa doiciméad seo ar an bpróiseas cinnteoireachta d'údaráis phoiblí agus iad ag déileáil le hoibreacha beartaithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do speicis atá faoi dhianchosaint. Soláthraítear leis freisin cuntais speiceas do chuid de na speicis atá faoi dhianchosaint agus dhá chás-staidéar chun léirmhíniú na treorach a éascú.
- An Coimisiún Eorpach (2021) Fógra ón gCoimisiún: Treoirdhoiciméad maidir le dianchosaint speiceas ainmhithe atá chun leasa an Chomhphobail faoin Treoir maidir le Gnáthóga. C(2021) 7301 Ceann deiridh.
    - Leagtar amach sa doiciméad seo comhairle an Choimisiúin i gcomhthéacs chur chun feidhme Airteagail 12 agus 16 de Threoir CE maidir le Gnáthóga agus is foinse thábhachtach treorach é d'iarratasóirí agus do chinnteoirí. Déantar cur síos ann ar phrionsabail bhunúsacha an chórais dianchosanta agus ar léirmhíniú an chásdlí Eorpaigh i gcomhthéacs maoluithe a eisiúint. Mar gheall ar a hábharthacht uileghabhálach maidir le trasuí na gcodanna den Treoir ar fud na hEorpa, luaitear go minic í ar fud na Treorach Forlíontaí seo.
- Treoir maidir le Bainistiú a dhéanamh ar an mBaol do Mhamaigh Mhuirí ó Fhoinsí Fuaime de dhéantús an duine in Uiscí na hÉireann (2014, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)
    - Tá sé mar aidhm ag an treoir sin aghaidh a thabhairt ar roinnt príomhfhoinsí féideartha fuaime antrapaigineacha a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar mhamaigh mhuirí in uiscí na hÉireann. Ionchorpraítear ann athscrúdú ar an gCód Cleachtais le haghaidh suirbhéanna fuaimiúla agus bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ann ina leith sin. Foilseofar leagan nuashonraithe den doiciméad seo in 2025.
- Marnell, F., Kelleher, C. & Mullen, E. (2022) Treoirlínte maidir le maolú ialtóg d'Éirinn, leagan 2. Lámhleabhair Fiadhúlra na hÉireann, Uimh. 134. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ÉireTreoirlínte d'Éirinn, Leagan 2

- Tugann na treoirlínte seo na treoirlínte maolaithe Ialtóg d'Éirinn a foilsíodh in 2006 cothrom le dáta agus tagann siad in ionad na dtreoirlínte sin (Kelleher & Marnell, 2006). Forbraíodh iad chun cabhrú leo siúd a bhfuil baint acu le hoibríochtaí pleanála agus forbartha úsáide talún (sa chiall is leithne) áit a bhfuil nó a bhfuil amhras ann go mbíonn ialtóga ann.

2. Cúlra

I. Speicis atá faoi réir Dianchosanta

Úsáidtear córas "dianchosanta" chun na speicis dá dtagraítear dóibh i dTábla 1 thíos a chosaint de bhun cheanglais Airteagail 12, 13, agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) ("Treoir maidir le Gnáthóga") agus liostaítear iad in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin.

Leagtar amach thíos speicis/grúpaí speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn IV a fhaightear in Éirinn agus atá faoi réir an chórais dianchosanta sin:

Tábla 1: Speicis/grúpaí speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn IV a fhaightear in Éirinn

Fána	**Flóra**
Gach speiceas ialtóige	Raithneach Chill Airne
Madra Uisce	Mórán Réisc
Cnádán	Síofróg Uisce
Drúchtín Ballach	
Gach speiceas deilfeanna, míolta móra agus muc mara	
Gach speiceas turtar mara	

II. Córas dianchosanta

Déantar Treoir an AE maidir le Gnáthóga a thrasuí in Éirinn le Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Éin agus um Ghnáthóga Nádúrtha 2011, arna leasú. Déantar foráil maidir leis an gcóras dianchosanta d'ainmhithe agus do phlandaí mar a leagtar amach i dTábla 1 i rialacháin 51 agus 52 de na Rialacháin sin. Ba cheart d'iarratasóirí aird a thabhairt freisin ar chosaintí faoi na hAchtanna maidir le Fiadhúlra agus a n-iarratais á n-ullmhú acu.

Faoi Rialachán 51, is cion coiriúil é, faoi réir ionchúiseamh coiriúil, aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh mura rud é gur deonaíodh maolú i gcomhréir le rialachán 54 de na Rialacháin:

(a) Aon eiseamal den speiceas ábhartha san fhiántas a ghabháil nó a mharú d'aon ghnó
(b) Cur isteach d'aon ghnó ar na speicis sin go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin, tógála, geimhrithe agus imirce
(c) Uibheacha den speiceas ábhartha a thógáil nó a scriosadh d'aon ghnó san fhiántas
(d) Damáiste a dhéanamh d'ainmhí den sórt sin nó áit phórúcháin nó áit scíthe ainmhí den sórt sin a scriosadh, nó
(e) Aon eiseamal de na speicis ábhartha a thógtar san fhiadhúlra a choimeád, a iompar, a dhíol, a mhalartú, a thairiscint lena dhíol nó a thairiscint lena mhalartú, seachas na heiseamail sin a thógtar go dlíthiúil dá dtagraítear dóibh in Airteagal 12(2) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Tá Rialachán 52 cosúil le Rialachán 51 ach tá feidhm aige maidir le flóra, trína dtugtar le fios gur cion é, an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Aon eiseamal de na speicis sin san fhiántas a phiocadh, a bhailiú, a ghearradh, a stoitheadh nó a dhíothú d'aon turas, nó
b) Aon eiseamal de na speicis ábhartha a thógtar san fhiántas a choimeád, a iompar, a dhíol, a mhalartú, a thairiscint lena dhíol nó a thairiscint lena mhalartú, seachas na heiseamail sin a thógtar go dlíthiúil dá dtagraítear dóibh in Airteagal 13(1)(b) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Níl feidhm ag an gcosaint sin ach amháin maidir leis na speicis atá liostaithe thuas ina ‘raon nádúrtha’ in Éirinn.

III. Maoluithe ó Dhianchosaint

Foráiltear le hAirteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga do mhaoluithe a thabhairt ar na cionta a liostaítear in Airteagail 12 agus 13. Mar sin féin, ní féidir maoluithe a dheonú ach amháin in imthosca an-srianta, agus ní féidir iad a sholáthar ach amháin i gcás inar féidir a léiriú go gcomhlíontar diantástálacha sonracha.

Le Rialachán 54 de Rialacháin 2011, déantar Airteagal 16 a thrasuí i ndlí na hÉireann.

D’fhéadfadh iarratas ar mhaolú ar na cionta a liostaítear thuas eascairt as imthosca inar mian le hiarratasóir gníomhaíocht shonrach a dhéanamh agus nach bhfuil aon chosaint acu ó cheann de na cionta a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go luafar go soiléir in aon iarratas ar mhaolú cén ghníomhaíocht/gníomhaíochtaí toirmiscthe is ábhar don iarratas. Luafar freisin an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí toirmiscthe is ábhar do mhaolú ar an maolú féin, má dheonaítear é. Atáirgtear sreabhchairt chun maoluithe a eisiúint faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga i bhFoscríbhinn 1 (tógtha ón gCoimisiún Eorpach (2021)).

Is iad seo a leanas na tástálacha carnacha a chuirfidh SPNF i bhfeidhm sula bhféadfar maolú a dheonú:

- **Tástáil 1**: go bhfuil gá leis an maolú ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna sonracha a leagtar síos i Rialachán 54(2) (a)-(e), agus
- **Tástáil 2**: nach bhfuil aon rogha mhalartach shásúil ann, agus
- **Tástáil 3**: nach ndéanann an maolú dochar do chothabháil líon na speiceas lena mbaineann ar stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha.

Cuirtear gach ceann de na tástálacha sin i bhfeidhm in ord. Má theipeann ar iarratas ar mhaolú Tástáil 1, ní gá é a bhreithniú tuilleadh agus diúltófar don iarratas. Ar an gcaoi chéanna, má éiríonn leis i dTástáil 1 ach má theipeann air i dTástáil 2, ní bhreithnítear a thuilleadh é agus diúltófar don iarratas. Ní fhéadfar an maolú a eisiúint ach amháin má éiríonn leis sna trí thástáil.

IV. Prionsabal na Comhréireachta

Cé nach féidir maoluithe a dheonú ach amháin faoi réir diancheanglais a chomhlíonadh, moltar sa treoir ón gCoimisiún Eorpach gur cheart prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh an éiríonn le hiarratas i ngach Tástáil. Luaitear inti “*Mar riail ghinearálta, tiocfaidh méadú ar dhéine aon cheann de na dálaí nó na ‘tástálacha’ le déine an tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag maolú ar speiceas nó ar dhaonra.*[1]” Ciallaíonn sé sin go ndéanfar measúnú ar gach iarratas ar bhonn cás ar chás.

1 An Coimisiún Eorpach (2021) Fógra ón gCoimisiún: Treoirdhoiciméad maidir le dianchosaint speiceas ainmhithe atá chun leasa an Chomhphobail faoin Treoir maidir le Gnáthóga. C(2021) 7301 Ceann deiridh.lch46

V. Prionsabal an Réamhchúraim

Mar chuid de bheartas comhshaoil an Aontais, luaitear in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh cur i bhfeidhm an bheartais bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim. Leis an bprionsabal sin, tugtar aghaidh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás, más féidir go bhféadfadh togra dochar a dhéanamh don chomhshaol agus mura bhfuil aon chomhaontú eolaíoch ann maidir leis an tsaincheist, nár cheart an togra a chur i gcrích. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le sonraí eolaíocha leordhóthanacha, mionsonraithe agus cothrom le dáta a sholáthar mar chuid dá n-iarratas.

3. Iarratas a dhéanamh ar Mhaolú

I. Tástáil 1: Tá feidhm ag cúis/cúiseanna a liostaítear i Rialachán 54 (a)-(e) maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe

Is éard atá i gceist le Tástáil 1 an chúis/na cúiseanna atá leis an ngníomhaíocht a bhfuil maolú ag teastáil ina leith a shainaithint e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le feabhas a chur ar bhóthar náisiúnta le haghaidh sláinte agus sábháilteachta poiblí a bheith ar an gcúis/na cúiseanna atá leis an ngníomhaíocht a dhéanamh, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le teach tréigthe a scartáil, teaghaisí nua a thógáil nó glasbhealach a dhéanamh, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le crainn a leagan. Ní mór don iarratasóir an chúis/na cúiseanna atá leis an ngníomhaíocht is ábhar don mhaolú a lua ina n-iarratas. Seiceálfaidh oifigigh SPNF go bhfuil an chúis roghnaithe (a go e, mar atá thíos) ag teacht leis an gcur síos ar an ngníomhaíocht a chuir an t-iarratasóir ar fáil. I gcás nach ionann an chúis a roghnaigh an t-iarratasóir agus an tuairisc ar an gcúis a cuireadh ar fáil, ní fhéadfar an maolú a dheonú toisc nach féidir pas a fháil i dTástáil 1.

Tabhair do d'aire gur féidir le hiarratasóirí níos mó ná cúis amháin a roghnú maidir leis an ngníomhaíocht. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis an gcúis/na cúiseanna:

a) Ar mhaithe le flóra agus fána fiáin a chosaint agus le gnáthóga nádúrtha a chaomhnú
b) Chun damáiste tromchúiseach a chosc, go háirithe do bharra, do bheostoc, d'fhoraoisí, d'iascach agus d'uisce agus do chineálacha eile maoine
c) Ar mhaithe le sláinte an phobail agus sábháilteacht an phobail, nó ar chúiseanna dianriachtanacha eile leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear cúiseanna ar de chineál sóisialta agus eacnamaíochta iad agus iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol
d) Chun críche taighde agus oideachais, athphobalaithe agus chun na speicis sin a thabhairt isteach an athuair agus ar mhaithe leis na hoibríochtaí pórúcháin is gá chun na gcríoch sin, lena n-áirítear síolrú saorga plandaí, nó
e) Chun a cheadú, faoi dhálaí dianmhaoirsithe, ar bhonn roghnaitheach agus go feadh méid theoranta, eiseamail áirithe de na speicis dá dtagraítear sa Chéad Sceideal a thógáil nó a choimeád go feadh an méid a shonraítear sa sceideal sin.

Sa Roinn seo, déileáiltear, dá bhrí sin, le gach ceann de na cúiseanna féideartha is féidir a bhreithniú faoi Thástáil 1, agus tugtar treoir chun cabhrú le hiarratasóirí a chinneadh cén chúis a bhaineann leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear san iarratas, más ann dóibh, agus cén fhianaise ba cheart a sholáthar chun gur féidir Tástáil 1 a dhéanamh go héifeachtach.

Cúis a): Ar mhaithe le flóra agus fána fiáin a chosaint agus le gnáthóga nádúrtha a chaomhnú

Féadfar an chúis sin a roghnú in imthosca inar mian leis an iarratasóir gníomhaíocht a dhéanamh a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí toirmiscthe a bheith mar thoradh uirthi, chun flóra agus fána fiáin eile agus/nó gnáthóga nádúrtha eile a chosaint. Luaitear an méid seo a leanas i dTreoir an Choimisiúin (2021):

"I bhfianaise chuspóir ginearálta na Treorach, ***is dóchúla go gcumhdófar leis an gcúis sin speicis agus gnáthóga nádúrtha leochaileacha, neamhchoitianta, i mbaol nó eindéimeacha*** *(mar shampla, iad siúd a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga), a mbeadh sé d'aidhm éifeachtach acu an tionchar diúltach speicis ar leith atá orthu a laghdú. Bheadh sé neamhghnách tosaíocht a thabhairt do leasanna speicis atá coitianta agus rathúil thar leasanna speicis a chomhlíonann critéir Airteagal 1(g) den Treoir." (Alt 3-19).*

Ar an gcúis sin, ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt le fios conas gur mó an leibhéal tábhachta a bhaineann le cosaint agus/nó le caomhnú speiceas/gnáthóg ná cosaint an speicis lena mbaineann.

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[2] an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

- Ba cheart an flóra, fána agus gnáthóga ábhartha a bheidh faoi chosaint a shainaithint go soiléir
- Ba cheart d'éiceolaí atá cáilithe go cuí sonraí suirbhé éiceolaíochta a bhaineann leis na flóra, fána agus gnáthóga sin a bhailiú. Ba cheart na sonraí sin a bheith cothrom le dáta agus ba cheart iad a bhailiú laistigh de 12-18 mí ó d'iarratas a dhéanamh.
- Sonraí cothrom le dáta lena dtugtar tuairisc ar a ndáileadh, ar a mbail agus ar a stádas caomhantais. Féach Nóta Faisnéise de chuid na hInstitiúide Cairte um Éiceolaíocht agus um Eolaíochtaí Comhshaoil maidir le saolré tuarascálacha agus suirbhéanna éiceolaíocha https://cieem.net/wp-content/uploads/2019/04/Advice-Note.pdf
- Scála agus cineál éifeacht an mhaolaithe ar an speiceas lena mbaineann
- Argóint maidir leis an gcaoi a dtugann leasanna cosanta agus caomhnaithe an speicis/ghnáthóige lena mbaineann údar chun difear a dhéanamh do speiceas eile atá faoi dhianchosaint.

Cúis b): Chun damáiste tromchúiseach a chosc, go háirithe do bharra, do bheostoc, d'fhoraoisí, d'iascach agus d'uisce agus do chineálacha eile maoine,

Féadfar an chúis sin a roghnú in imthosca inar mian leis an iarratasóir gníomhaíocht a dhéanamh a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí toirmiscthe a bheith mar thoradh uirthi, chun damáiste tromchúiseach a chosc, go háirithe do bharra, do bheostoc, d'fhoraoisí, d'iascaigh, d'uisce, agus do chineálacha eile maoine.

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[2] above an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

- An cineál sonrach den damáiste tromchúiseach féideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh, lena n-áirítear tuairisc ar shuíomh, méid agus cineál an chaillteanais eacnamaíoch fhéideartha
- Ba cheart léarscáileanna a chur ar fáil chun suíomh an damáiste thromchúisigh a d'fhéadfadh a bheith ann a thaispeáint ar scála iomchuí
- Fianaise go bhfuil dóchúlacht ard ann go dtarlóidh damáiste tromchúiseach agus tuairisc ar an nasc maidir leis an speiceas (atá faoi réir an mhaolaithe atá beartaithe)

[2] Tabhair faoi deara nach liosta saintreorach é seo ná nach bhfuil aon bhunús reachtúil leis.

- Fianaise maidir leis an bhfáth a meastar go bhfuil an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann 'tromchúiseach' agus gur mó é sin ná leasanna caomhnaithe an speicis lena mbaineann
- Fianaise go gcuirfidh rialú ar an speiceas cosc ar an damáiste tromchúiseach a tharlaíonn.

Cúis c): Ar mhaithe le sláinte an phobail agus sábháilteacht an phobail, nó ar chúiseanna dianriachtanacha eile leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear cúiseanna ar de chineál sóisialta agus eacnamaíochta iad agus iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol

Féadfar an chúis sin a roghnú in imthosca inar mian leis an iarratasóir gníomhaíocht a dhéanamh a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí toirmiscthe a bheith mar thoradh uirthi, agus an chúis leis sin a dhéanamh ag teacht leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear thuas e.g. gníomhaíochtaí a bhaineann le hoibreacha tógála agus scartála a bhaineann le forbairtí, nó le hoibreacha atá chun foirgnimh nó struchtúir a dhéanamh sábháilte.

D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí Cúis C a roghnú le haghaidh cásanna amhail suirbhéanna a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe tionchair ar thograí forbartha, i gcás ina bhféadfadh suirbhéanna den sórt sin ceann de na cionta faoi Rialachán 51 agus faoi Rialachán 52 de na Rialacháin a dhéanamh.

Agus breithniú á dhéanamh an bhfuil Cúis c) iomchuí, má thug an t-iarratasóir le fios gur bhain an chúis leis an tsláinte phoiblí nó leis an tsábháilteacht phoiblí, ní gá breithniú breise a dhéanamh ar 'chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh' ('IROPI').

Nuair is gá breithniú a dhéanamh ar IROPI, ba cheart tagairt a dhéanamh do Threoir CE agus iarratais á n-ullmhú toisc go dtugann sí léirmhíniú úsáideach ar an gcaoi ar féidir brath ar an gcúis sin:

> *"(3-31) Ar an gcéad dul síos, is léir ón bhfoclaíocht nach féidir ach* ***leasanna poiblí,*** *arna gcur chun cinn ag comhlachtaí poiblí nó príobháideacha,* ***a chothromú i gcoinne aidhmeanna caomhnaithe na Treorach****. Dá bhrí sin, ní mheastar de ghnáth go bhfuil tionscadail atá go hiomlán chun leasa cuideachtaí nó daoine aonair chun leas an phobail.*
>
> *(3-32) Ar an dara dul síos, ní mór béim a leagan ar chineál 'sáraitheach' an leasa phoiblí sin. Tugann sé sin le tuiscint nach leor gach cineál leasa phoiblí de chineál sóisialta nó eacnamaíoch, go háirithe nuair a chuirtear i gcoinne ualach ar leith na leasanna a chosnaítear leis an Treoir iad. Tá gá le cothromaíocht chúramach idir leasanna anseo. Tá sé réasúnta freisin glacadh leis* ***nach dócha go mbeidh leas an phobail sáraitheach i bhformhór na gcásanna ach amháin más leas fadtéarmach é****: leasanna gearrthéarmacha nach mbíonn ach sochair ghearrthéarmacha mar thoradh orthu, níor leor iad chun a bheith níos mó ná leas fadtéarmach maidir le caomhnú na speiceas."*

Le tuilleadh treorach a d'fhoilsigh NatureScot[3] in Albain maidir leis an ábhar céanna, cuirtear comhairle ar fáil freisin maidir lena chinneadh cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le 'cúiseanna dianriachtanacha eile a bhaineann le leas poiblí sáraitheach'

- *"leasanna na slándála agus na cosanta náisiúnta;*

[3] https://www.nature.scot/doc/guidance-licensing-test-1-licensable-purpose-licence-relation-european-protected-species

- *i gcás ina bhfuil sochar comhshaoil díreach soiléir agus inléirithe ar scála náisiúnta nó idirnáisiúnta;*
- *i gcás ina léirítear go bhfuil rannchuidiú ríthábhachtach le forbairt eacnamaíoch straitéiseach nó le hathghiniúint eacnamaíoch straitéiseach;*
- *i gcás ina mbeadh iarmhairtí sóisialta agus/nó eacnamaíocha do-ghlactha ann mura leanfaí ar aghaidh*
- *i gcás ina bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis an tionscadal, nó, b'fhéidir, tábhacht réigiúnach".*

Luaitear an méid seo a leanas sa treoir seo ó Albain freisin:

> *"….go praiticiúil, agus ceadúnais speicis á mbreithniú againn faoi IROPI, cuirfimid san áireamh an bhfuil gá le gníomhaíocht nó forbairt chun freastal ar riachtanas sonrach, nó chun rannchuidiú le freastal ar riachtanas sonrach, amhail:*

- *sláinte, sábháilteacht, oideachas nó comhshaol (forbairt inbhuanaithe, fuinneamh in-athnuaite nó glas, iompar glas) mhuintir na hAlban a chothabháil;*
- *beartais pleanála náisiúnta a chomhlíonadh;*
- *tacú le forbairt eacnamaíoch nó shóisialta (tionscadail forbartha bonneagair a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, fostaíocht, athghiniúint, eastóscadh mianraí, tithíocht etc.)"*

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[4] an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

- I gcás inarb ábhartha, ba cheart fianaise a sholáthar maidir le cineál agus scála an riosca shonraigh don tsláinte agus don tsábháilteacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá beartaithe in éagmais an mhaolaithe. Ba cheart tagairt a dhéanamh d'aon cheanglas nó oibleagáid reachtúil (áitiúil, náisiúnta, idirnáisiúnta)
- Fianaise go bhfuil gá leis an ngníomhaíocht atá beartaithe chun an cuspóir foriomlán a bhaint amach
- Fianaise ar chineál an leasa phoiblí a bhfuiltear ag freastal air, seachas ar leas príobháideach e.g. an dtéann an cuspóir chun tairbhe don earnáil phoiblí nó don earnáil phríobháideach? An bhfuil sé ag teacht leis na cuspóirí áitiúla nó náisiúnta a leagtar síos sna Pleananna Forbartha? An soláthraíonn an cuspóir riachtanais shóisialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus/nó náisiúnta nó an rannchuidíonn sé leo? e.g. fostaíocht, tithíocht, cúram príomhúil, ospidéil, oideachas, iompar, eastóscadh mianraí, fuinneamh, etc.?
- Ba cheart fianaise a chur ar fáil gur mó cineál agus leibhéal leas an phobail ná spriocanna caomhnaithe na speiceas lena mbaineann.

Cúis d): Chun críche taighde agus oideachais, athphobalaithe agus chun na speicis sin a thabhairt isteach an athuair agus ar mhaithe leis na hoibríochtaí pórúcháin is gá chun na gcríoch sin, lena n-áirítear síolrú saorga plandaí

Féadfar an chúis sin a roghnú in imthosca inar mian leis an iarratasóir gníomhaíocht a dhéanamh a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí toirmiscthe a bheith mar thoradh uirthi, agus an chúis leis sin a dhéanamh ag teacht leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear thuas. D'fhéadfaí a áireamh ar shamplaí suirbhéanna a dhéanamh chun láithreacht/easpa speiceas den sórt sin a

[4] Tabhair faoi deara nach liosta saintreorach é seo ná nach bhfuil aon bhunús reachtúil leis.

thaifeadadh i gcás ina bhféadfadh suirbhéanna den sórt sin a bheith ina gcúis le suaitheadh (e.g. suirbhéanna laistigh d'fharaí ialtóg).

Nó sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh ar shuirbhéir samplaí de phlandaí/ainmhithe a thógáil agus a choinneáil chun críocha aitheantais agus/nó dearbháin. D'fhéadfadh sé gur mhian leo freisin imeacht ón bhfiántas le haghaidh clár um thabhairt isteach an athuair nó mar chumhdach cúltaca i gcoinne caillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa sampla sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé oiriúnach cúis d) agus cúis e) a roghnú.

Mar sin féin, cuirtear in iúl d'iarratasóirí gur cheart gurb é 'taighde agus oideachas' an t-aon chuspóir amháin atá leis an ngníomhaíocht agus nach gníomhaíochtaí a dtacaíonn leis an gcúis sin iad suirbhéanna chun tionscadail tráchtála a chur ar an eolas nó iarratais maidir le cead pleanála.

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[5] an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

- Mionsonraí an taighde nó na gníomhaíochta oideachais atá beartaithe agus an t-údar atá leis an bhfáth gur mó a luach ná an riosca don speiceas ainmnithe
- Sa chás go moltar athphobalaithe nó athbhunú, d'fhéadfadh go mbeadh cúinsí áirithe ann ina n-éileodh suíomh an athbhunaithe go mbreithneofaí le SPNF ar ainmniú cosantach (ar nós Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta). D'fhéadfadh an fhaisnéis sin cabhrú le hoifigigh leibhéal tábhachta na gníomhaíochta atá beartaithe a chinneadh.

Cúis e): Chun a cheadú, faoi dhálaí dianmhaoirsithe, ar bhonn roghnaitheach agus go feadh méid theoranta, eiseamail áirithe de na speicis dá dtagraítear sa Chéad Sceideal a thógáil nó a choimeád go feadh an méid a shonraítear sa sceideal sin.

Féadfar an chúis sin a roghnú in imthosca inar mian leis an iarratasóir iarratas a dhéanamh chun gníomhaíocht a dhéanamh nach n-oireann d'aon cheann de na cúiseanna dá dtagraítear thuas. Mar a mholtar thuas, d'fhéadfadh an chúis sin a bheith iomchuí trína bhféadfadh sé go mbeadh ar shuirbhéir samplaí de phlandaí/ainmhithe a thógáil agus a choinneáil chun críoch aitheantais agus/nó dearbháin.

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[6] an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

- Ba cheart don iarratasóir a lua go bhfuil an cuspóir a bhainfear amach tríd an maolú a dheonú i gcomhréir le cuspóirí foriomlána na Treorach
- Ba cheart fianaise a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a mbeidh an ghníomhaíocht teoranta ó thaobh méide agus faid de agus faoi choinníollacha maoirsithe.

II. Tástáil 2: Rogha mhalartach shásúil in easnamh

Is éard atá i gceist le Tástáil 2 a chinneadh an bhfuil rogha mhalartach shásúil ann ar an maolú i.e. an féidir an fhadhb atá os comhair an iarratasóra, nó cuspóir na gníomhaíochta, a réiteach nó a chomhlíonadh ar bhealach nach mbaineann maolú léi.

[5] Tabhair faoi deara nach liosta saintreorach é seo ná nach bhfuil aon bhunús reachtúil leis.
[6] Tabhair faoi deara nach liosta saintreorach é seo ná nach bhfuil aon bhunús reachtúil leis.

Agus maoluithe á ndeonú, ní mór a léiriú do SPNF nach bhfuil aon rogha shásúil eile ann seachas maolú a eisiúint. Ba cheart d'iarratasóirí an fhianaise riachtanach a sholáthar do SPNF, maidir leis an gcomparáid idir réitigh mhalartacha a leagan amach agus a gcás a leagan amach ina n-iarratas maidir leis an bhfáth nach bhfuil siad sásúil.

Ba cheart don iarratasóir an raon réiteach malartach a chur i láthair, agus an fhianaise eolaíoch agus theicniúil ábhartha is fearr atá ar fáil á cur san áireamh go háirithe, i bhfianaise imthosca an cháis shonraigh agus i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí toirmiscthe a leagtar síos sa Treoir maidir le Gnáthóga.

Luaitear an méid seo a leanas i dTreoir CE i míreanna 3-55:

> *"Ní féidir údar cuí a thabhairt le húsáid an mhaolaithe ach amháin nuair a léirítear go leordhóthanach nach bhfuil roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann sásúil, toisc nach bhfuil siad in ann an fhadhb shonrach a réiteach nó toisc nach bhfuil siad indéanta go teicniúil, agus nuair a chomhlíontar na coinníollacha eile freisin.*
>
> *Mar sin féin,* ***má tá beart sásúil go páirteach fiú mura dtugann sé aghaidh go leordhóthanach ar an bhfadhb, ach más féidir leis an bhfadhb a laghdú nó a mhaolú fós, ba cheart é a chur chun feidhme ar dtús****."*

I gcomhréir le Treoraíocht an Choimisiúin, má léiríodh gurb é maolú an t-aon rogha shásúil eile, ní mór an maolú a theorannú a mhéid is gá chun an fhadhb shonrach nó an cás sonrach a réiteach, agus ní gá é a theorannú a thuilleadh.

Luaitear an méid seo a leanas i dTreoir CE i míreanna 3-61:

> *"Ina theannta sin, ní mór an réiteach a roghnófar ar deireadh, fiú má bhaineann maolú leis, a theorannú go hoibiachtúil a mhéid is gá chun an fhadhb shonrach nó an cás sonrach a réiteach. Ciallaíonn sé sin nach mór na maoluithe a bheith teoranta ó thaobh ama, áite, líon na n-eiseamal atá i gceist, eiseamail shonracha atá i gceist, daoine údaraithe, etc."*

Tagraíonn Treoir CE do chásdlí sa réimse sin agus luaitear inti go mbaineann an tástáil sin le trí cheist bhunúsacha a fhreagairt:

a) Cad í an fhadhb nó cad é an cás sonrach nach mór aghaidh a thabhairt uirthi/air?

b) An bhfuil réitigh ar bith eile ann?

c) Má tá, an réiteoidh siad sin an fhadhb nó an cás sonrach a bhfuil an maolú á lorg ina leith?

Iarrtar ar iarratasóirí freagraí soiléire a thabhairt ar na ceisteanna sin ina n-iarratas agus ina ndoiciméadacht tacaíochta, áit a gcuirtear ar fáil iad.

An réasúnú maidir leis an bhfáth a meastar nach bhfuil réiteach malartach sonrach sásúil, ní fhéadfaidh sé brath ar argóintí atá bunaithe ar chostas breise amháin, ní fhéadfaidh sé a bheith ina chúis le moilleanna ná le míchaoithiúlacht eile don iarratasóir.

Mar sin féin, moltar sa Treoir ón gCoimisiún Eorpach gur féidir prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm (féach 'Prionsabal na Comhréireachta' Roinn 2.IV:

> *"'Féadfar comhréireacht i dtéarmaí costais a chur san áireamh sa mheasúnú freisin. Mar sin féin, ní féidir gurb é an costas eacnamaíoch an t-aon toisc chinntitheach agus anailís á déanamh ar réitigh mhalartacha. Go háirithe, ní féidir diúltú do réitigh mhalartacha shásúla ón tús ar an bhforas go gcosnódh siad an iomarca[7]." (alt 3-56)*

Luaitear an méid seo a leanas i míreanna 3-59:

> *"Rinne an tAbhcóide Ginearálta i gCás C-342/05 soiléiriú ar phrionsabal na comhréireachta, agus dá réir sin [8]'ní fhéadfar beart a chur chun feidhme más féidir a chuspóir a bhaint amach ar bhealach nach bhfuil chomh dian céanna, is é sin le rá trí bhíthin rogha mhalartach shásúil de réir bhrí Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga'. 'Tá rogha mhalartach sásúil ní hamháin dá mbainfí amach cuspóirí an mhaolaithe chomh maith céanna, ach freisin dá mbeadh na míbhuntáistí a thiocfadh as an maolú díréireach leis na haidhmeanna atá á saothrú agus dá n-áiritheofaí comhréireacht leis an rogha mhalartach'."*

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[9] an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

Ní mór don iarratasóir a léiriú gur bhreithnigh siad raon iomlán na réiteach malartach; na cúiseanna nach meastar réitigh mhalartacha den sórt sin a bheith sásúil; agus go n-éilíonn an t-aon réiteach sásúil maolú chun é a dhéanamh go dlíthiúil. Ba cheart tosca oibiachtúla infhíoraithe a áireamh san fhianaise, amhail na breithnithe eolaíocha agus teicniúla ábhartha is fearr.

Ní mór an rogha 'gan aon ní a dhéanamh' a bheith san áireamh sna cineálacha réiteach malartach nach mór don iarratasóir a chur i láthair. Is éard atá i gceist leis an rogha 'gan aon ní a dhéanamh' gan an ghníomhaíocht atá beartaithe a dhéanamh, gan aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir atá beartaithe nó gan iarracht a dhéanamh an fhadhb atá os a chomhair a réiteach. Ní mór réitigh mhalartacha eile a chur i láthair agus a chur i gcomparáid le chéile freisin, mura bhfuil imthosca eisceachtúla ann a chuireann teorainn leis an raon réiteach is féidir a mheas. Níl aon teorainn ann maidir le líon nó cineálacha na réiteach malartach a d'fhéadfaí a mheas. Déantar gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin agus díreach toisc go bhféadfadh rogha a bheith sásúil i gcás amháin, ní chiallaíonn sé sin go measfar go huathoibríoch go bhfuil sé sásúil i gcás comhchosúil.

D'fhéadfadh iarratasóirí raon cineálacha éagsúla réiteach malartach a sholáthar, lena bhféadfaí na nithe seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

a) Scála malartach e.g.:
   - líon nó airde na gcolún soilsithe gar d'fharaí ialtóg a laghdú chun cur isteach ar shuíomhanna faraí nó ar bhealaí comaitéireachta a thacaíonn leis na faraí sin a sheachaint
   - leithead glasbhealaigh atá beartaithe a laghdú i limistéir shonracha ionas gur féidir gnáthóga ina bhfuil plandaí faoi chosaint a chaomhnú.

7 Féach freisin prionsabal na comhréireachta i gcomhthéacs Airteagal 6 d'Fhógra C(2018) 7621 ceann deiridh ón gCoimisiún, Bainistiú láithreáin Natura 2000 – Forálacha Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga, lch. 55.
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1548663172672&uri=CELEX:52019 XC0125(07)

8 Féach míreanna 24 - 27 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-342/05.

9 Tabhair faoi deara nach liosta saintreorach é seo ná nach bhfuil aon bhunús reachtúil leis.

b) Dearadh malartach gníomhaíochta e.g.:
   - an ceanglas foriomlán a chomhlíonadh maidir le líon na n-aonad tithíochta laistigh de theorainn láithreáin trí úsáid a bhaint as leagan amach/treoshuíomh éagsúil na n-aonad agus an spáis oscailte, ionas nach mbainfear línte crainn ina bhfuil faraí ialtóg gnáthóg a úsáideann drúchtín ballach.
   - athdhíriú na mbealaí rochtana is gá chun forbairt fuinnimh gaoithe a thógáil a mbeadh gá le hoibreacha ar dhroichid murach sin arb eol go bhfuil ialtóga á n-óstáil acu.
   - Ródú malartach le haghaidh cáblaí muirí a dhéanfadh damáiste do chéiticigh nó a chuirfeadh isteach orthu ar shlí eile le linn a dtréimhse pórúcháin.

c) Suíomh malartach don ghníomhaíocht iomlán e.g.:
   - suíomh malartach le haghaidh ceolchoirm amuigh faoin aer chuig limistéir nach gcuirfeadh isteach ar phlandaí faoi chosaint, cnádáin agus poill an mhadra uisce.
   - Suíomh malartach chun ábhair dhreidireachta a dhumpáil ar muir nach gcuirfeadh isteach ar chéiticigh ná ar thurtair mhara, go háirithe le linn tréimhse phórúcháin.

d) Am malartach na gníomhaíochta atá beartaithe e.g.:
   - amanna malartacha chun tabhairt faoi oibreacha sealadacha ar theach cónaithe chun an t-am a bhíonn ialtóga i láthair a sheachaint agus dá bhrí sin suaitheadh a sheachaint (ag glacadh leis gur féidir le hialtóga filleadh ar an bhfánaíocht gan bhac tar éis na hoibreacha a bheith curtha i gcrích).
   - am malartach le haghaidh gníomhaíochtaí tiomána caitíneacha a bhaineann le tógáil cé chun cur isteach ar mhuca mara/deilfeanna atá ag pórú a sheachaint.

III. Tástáil 3: Tionchar maolaithe ar stádas caomhantais

Is éard atá i gceist leis an tástáil deiridh seo cinneadh a dhéanamh an ndéanfadh deonú maolaithe dochar do chothabháil líon na speiceas atá i gceist ag stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha (Rialachán 54(2)). Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar den tástáil sin ná nach mór speicis atá faoi dhianchosaint a choinneáil ag stádas den sórt sin, nó stádas fabhrach a thabhairt dóibh arís murab amhlaidh an cás faoi láthair.

Ní mór an glantoradh ar stádas caomhnaithe an speicis ó dheonú maolaithe a bheith neodrach sa chás is measa, nó dearfach sa chás is fearr don speiceas atá i gceist. Más dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag maolú ar an daonra lena mbaineann (nó ar na hionchais don daonra sin amach anseo) nó más dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach aige ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal bithgheografach, ní féidir maolú a chur san áireamh.

Tugtar faoi deara i dTreoir CE, i mír 3-71, i bhfianaise an ghá a d'fhéadfadh a bheith ann na sonraí eolaíocha is fearr atá ar fáil a úsáid chun tacú le cás an iarratasóra gur cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim go háirithe maidir leis an tástáil seo:

> *"I gcás nach bhfuil na sonraí láidir agus iontaofa go leor chun a chruthú go bhfuil an stádas caomhantais fabhrach agus/nó chun a áirithiú nach ndéanann an maolú dochar don stádas caomhantais, ba cheart prionsabal an réamhchúraim (lena gceanglaítear gur cheart forlámhas a bheith ag na cuspóirí caomhnaithe i gcás éiginnteachta) a chur i bhfeidhm agus níor cheart aon mhaoluithe a dheonú. Mar a luaigh CBAE i gCás C-674/17, 'ní mór a thabhairt faoi deara freisin, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim a chumhdaítear in Airteagal 191(2) CFAE, más rud é, tar éis scrúdú a dhéanamh ar na sonraí eolaíocha is fearr*

atá ar fáil, go bhfuil éiginnteacht ann fós maidir le cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh maolú dochar do chothabháil nó d'athbhunú pobal speicis atá i mbaol ag stádas caomhantais fabhrach, ní mór don Bhallstát staonadh ón maolú sin a dheonú nó a chur chun feidhme'".

Samplaí d'fhianaise a d'fhéadfadh[10] an t-iarratasóir a sholáthar chun tacú leis an réasúnaíocht:

Ní mór d'iarratasóirí faisnéis mhionsonraithe, cothrom le dáta[11] a áireamh maidir le pobal áitiúil an speicis atá i gceist, an togra agus a thionchair agus na bearta maolaithe agus/nó cúitimh uile atá le déanamh á gcur san áireamh. Ba cheart sonraí uile an tsuirbhé a bhailiú laistigh de 12-18 mí ó d'iarratas a dhéanamh.

- Ba cheart a áireamh san fhianaise tuairisc oibiachtúil ar líon na speiceas ar scála áitiúil, náisiúnta nó bithgheografach [12] agus méid an tionchair ar an bpobal sin:
    - Mar shampla, an bhfuil cuid de phobal atá ag pórú á baint as láithreán, nó an pobal iomlán?
    - Sonraí maidir le pobail sa limistéar 'áitiúil' (e.g. baile fearainn, Contae).
    - Sonraí maidir le pobail ar an scála náisiúnta.
- Tuairisc ar thionchar na gníomhaíochta atá beartaithe ar an stádas caomhantais ar an scála ábhartha – sula gcuirtear aon mhaolú i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin.
- Bearta maolaithe lena n-áirítear mionsonraí leordhóthanacha chun a léiriú do SPNF go ndéanfar na bearta de réir na gcaighdeán dea-chleachtais agus, nuair is féidir, go ndearnadh iad in imthosca comhchosúla le torthaí dearfacha. D'fhéadfadh tagairt d'fhianaise ar rath amhail an bunachar sonraí maidir le Fianaise Chaomhnaithe cuidiú le fianaise den sórt sin a sholáthar.
- Éifeacht an mhaolaithe ar thionchar na gníomhaíochta ar stádas caomhantais an speicis. Tabhair faoi deara, mura bhfuil stádas caomhantais an speicis lena mbaineann fabhrach[13], nach féidir an Tástáil seo a chomhlíonadh ach amháin má tá údar leis mar gheall ar imthosca eisceachtúla agus sa chás amháin nach dtiocfaidh meath ar an stádas caomhantais agus nach gcoisctear é a athchóiriú ag stádas fabhrach tríd an ngníomhaíocht a dhéanamh.
- Míniú soiléir ar an gcaoi a mbeidh éifeachtaí dearfacha neodracha nó glana ar phobail na speiceas lena mbaineann mar thoradh ar an maolú atá beartaithe.
- Is modh dlisteanach é cúiteamh as tionchair a thuartar a tharlóidh chun a áirithiú nach ndéanfar difear don stádas caomhantais fabhrach. Mar shampla, cúiteamh a dhéanamh as poill an mhadra uisce a chailleadh trí shuíomh poill saorga amháin nó níos mó a sholáthar. Mar sin féin, níor cheart é sin a mheascadh le tagairt do 'chúiteamh' i gcomhthéacs Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, a bhaineann le coinníollacha faoina bhféadfar pleananna agus tionscadail a cheadú.

[10] Tabhair faoi deara nach liosta saintreorach é seo ná nach bhfuil aon bhunús reachtúil leis.
[11]Féach Nóta Faisnéise de chuid na hInstitiúide Cairte um Éiceolaíocht agus um Eolaíochtaí Comhshaoil maidir le saolré tuarascálacha agus suirbhéanna éiceolaíocha https://cieem.net/wp-content/uploads/2019/04/Advice-Note.pdf
[12] Nó lasmuigh d'Éirinn chuig críocha Ballstát eile, ina síneann raon nádúrtha na speiceas chuig na limistéir sin. Mar shampla, i gcás ina bhféadfaí a thuar go mbeidh tionchar ar mhamaigh mhuirí nó ar thurtair mhuirí.
[13]Luaitear i dtuarascáil 2019 a foilsíodh faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga go bhfuil stádas caomhantais fabhrach ag gach speiceas seachas an tSíofróg Uisce, cnádáin agus an crú-ialtóg bheag.

4. Faireachán ar éifeachtaí an mhaolaithe

Ceanglaítear le hAirteagal 16(3)(e) den Treoir maidir le Gnáthóga agus le Rialachán 54(7) de na Rialacháin ar an Aire tuairisc a thabhairt don Choimisiún Eorpach maidir leis na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun dianchosaint na speiceas sin a áirithiú agus maidir leis na torthaí a bhaineann leis na bearta sin a chur i bhfeidhm.

Ceanglaítear le maoluithe go gcuirfear tuarascáil faoi bhráid SPNF maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh agus sonraí maidir leis an líon agus na speicis lena mbaineann. Ina theannta sin, féadfar a áireamh i maolú coinníollacha lena gceanglaítear faireachán iarchríochnaithe a dhéanamh ar an speiceas lena mbaineann agus chun tuarascáil a sholáthar lena n-áirítear torthaí suirbhéanna den sórt sin. I ngach cás, ní mór don iarratasóir Foirm um Fhilleadh AE agus tuarascáil ar mhaolú a chomhlánú agus a chur ar ais chuig Aonad Ceadúnúcháin Fiadhúlra SNPF ag wildlifelicence@npws.gov.ie.

Foirm um Fhilleadh AE agus Tuarascáil ar Mhaolú

Áirítear Foirm um Fhilleadh AE i ngach maolú a eisítear agus an uimhir mhaolaithe uathúil ag gabháil léi. Soláthraíonn an fhoirm sin sonraí ríthábhachtacha atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga. Ní mór an fhoirm sin a chur isteach go tráthúil.

Ní mór tuarascáil insinte ar leith, nach mór na gníomhaíochtaí a rinneadh a mhionsonrú inti, a chur isteach freisin. I gcás maoluithe ar chéiticigh, ní mór tuarascáil ón mBreathnóir Mamach Muirí (MMO) a chur isteach.

Moltar d'iarratasóirí an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh ina dtuarascáil faireacháin iarchríochnaithe:

- Na bearta maolaithe a cuireadh i bhfeidhm a shonrú go soiléir, agus pleananna agus grianghraif á n-úsáid i gcás inarb iomchuí
- Torthaí suirbhéanna ar an spriocspeiceas a thaispeáint, agus úsáid á baint as modhanna atá inchomparáide leis na modhanna a rinneadh agus an pobal bonnlíne á bhunú e.g. ba cheart faireachán ceamara ar ghníomhaíocht an mhadra uisce roimh chríochnú agus tar éis chríochnú na mbeart maolaithe a dhéanamh ag suíomhanna comhchosúla agus ar feadh tréimhse chomhchosúil.
- Sainaithin aon bheart ceartaitheach a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar mhainneachtain gan choinne líon na speiceas a choinneáil ar bun ar an scála ábhartha (e.g. áitiúil, náisiúnta).

5. Am an Iarratais ar Mhaolú

I mí Iúil 2023, d'eisigh Ard-Chúirt Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas[14] maidir leis an ngaol idir na córais toilithe forbartha agus soláthar maoluithe maidir le dianchosaint speiceas faoi Threoir an Aontais maidir le Gnáthóga. Ar bhonn an bhreithiúnais sin, is é tuairim na Roinne, i gcás ina n-éilíonn gníomhaíocht bheartaithe toiliú ó údarás reachtúil eile, agus gur cosúil go mbeidh maolú ón Aire ag teastáil freisin ó ghníomhaíocht den sórt sin, má cheadaíonn an t-údarás poiblí iomchuí sin í, ansin is gá an maolú a dheonú sula gceadófar an toiliú leis an ngníomhaíocht bheartaithe.

Is é an tairbhe a bhaineann leis an seicheamhú sin, mura féidir maolú a thabhairt, go dtugann sé sin deis don iarratasóir dearadh, cineál nó suíomh an togra a athrú sula ndéanfaidh siad iarratas ar thoiliú agus/nó sula bhfaighidh siad an toiliú ón údarás poiblí eile.

Faoi rialachán 27 de Rialacháin 2011, tá sé d'oibleagáid ar gach údarás poiblí a bhfeidhmeanna reachtúla a fheidhmiú i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus, de réir mar is cuí, chun comhlíonadh na gceanglas sin a áirithiú. Is é tuairim na Roinne go meastar go bhfuil feidhm ag tuairimí na Cúirte maidir le seicheamhú maoluithe agus toilithe forbartha freisin maidir le gníomhaíochtaí nach gceanglaítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTC) a dhéanamh orthu chomh maith le gníomhaíochtaí nach gá toiliú forbartha ina leith ach a bhféadfadh cead a bheith ag teastáil ina leith ó údarás poiblí eile (e.g. ceadúnú astaíochtaí tionsclaíocha).

Cuirtear in iúl d'údaráis phoiblí, agus iarratais ar thoiliú forbartha á mbreithniú acu, gur cheart dóibh a áirithiú go n-áireofar sna hiarratais sin cóipeanna den mhaolú/de na maoluithe a mheas an t-iarratasóir a bheith riachtanach a fháil. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht suaitheadh nó damáiste do speicis Iarscríbhinn IV a sheachaint, nó maolú iomchuí a fháil.

Baineann an chomhairle sin freisin le feidhmeanna an údaráis áitiúil féin, trína n-áirithítear le haon cheadú a dhéantar chun tabhairt faoi fhorbairt den sórt sin nó chun feidhmeanna ábhartha eile a dhéanamh, gur eisíodh maolú, i gcás inarb iomchuí.

Aithnítear go bhféadfadh cásanna áirithe a bheith ann ina mbeadh moill idir maolú a fháil agus tús a chur leis an ngníomhaíocht ábhartha agus go bhféadfadh sé gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar mhaolú. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh dóchúlacht ann go n-athrófaí láithreacht nó dáileadh speiceas e.g. ialtóga ag úsáid crann nó madraí uisce ag bogadh isteach i limistéar. D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí a áirithiú, trí bhíthin coinníoll maidir le toiliú, go bhfaighidh an t-iarratasóir maolú athbhreithnithe sula gcuirfear tús leis na hoibreacha ábhartha, má tá an t-am sin caite.

Déanfaidh SPNF iarratais ar mhaolú a fhaightear a phróiseáil go tráthúil. Chun cuidiú le próiseáil phras na n-iarratas, iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais atá comhlánaithe go hiomlán a chur isteach agus an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh ina ndoiciméid tacaíochta de réir mar a iarrtar. Seolfar iarratais neamhiomlána ar ais chuig an iarratasóir.

[14] Cás 166/22 Comhlachas Cónaitheoirí Hellfire Massy.

6. Foscríbhinn I – Sreabhchairt chun Maolú a Eisiúnt (Léiriú ó Threoir CE, 2011, lch. 49)

Sreabhchairt chun maolú a eisiúint faoi Airteagal 16(1)



7. Foscríbhinn II – Sampla 1:Deisiúcháin ar Struchtúr Droichid Chontúirtigh

Tástáil 1: Cúis an Mhaolaithe: Rialachán 54(2)(c) - Ar Mhaithe le Sláinte agus Sábháilteacht Poiblí

Bhí géarghá le deisiúchán a dhéanamh ar dhroichead a nascann baile comaitéireachta le mórchathair. Dearbhaíodh le hiniúchtaí struchtúracha go raibh an droichead a bhí ann ag léiriú meathlú leanúnach, a raibh caillteanas sláine struchtúraí mar thoradh air. Bhí tuarascáil ó innealtóir struchtúr in éineacht leis an iarratas ar an maolú, a dheimhnigh drochbhail an droichid agus a thug údar leis an ngá le deisiúcháin a dhéanamh air. Mura ndéanfaí oibreacha deisiúcháin, dhúnfaí an bealach nó leanfadh an pobal de bheith neamhchosanta ar ghuais sábháilteachta dho-ghlactha. Mar sin, ba é cuspóir na gníomhaíochta beartaithe ná chun an droichead a dheisiú d'fhonn deireadh a chur le riosca soiléir agus láithreach don sábháilteacht phoiblí.

Deimhníodh i suirbhéanna éiceolaíocha bonnlíne go raibh fara lae ann a d'úsáid ialtóga (uimh. 2 Myotis spp). Tá an fara suite i scoilt faoin droichead agus beidh suaitheadh sealadach agus caillteanas na gné fara aonair sin mar thoradh ar na hoibreacha beartaithe.

Measadh an ghníomhaíocht beartaithe a bheith riachtanach de réir Rialachán 54(1)(c) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, arna leasú, a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 16(1)(c) den Treoir maidir le Gnáthóga, ar mhaithe le sláinte phoiblí agus sábháilteacht phoiblí. Ar an mbonn sin, d'éirigh leis an iarratas i dTástáil 1.

Tástáil 2: níl aon rogha eile sásúil ann

I gcomhréir leis na ceanglais d'Airteagal 16, cuireadh réitigh mhalartacha san áireamh go hiomlán. Tíolacadh na roghanna seo a leanas san iarratas:

- Pléadh rogha "dada a dhéanamh" (úsáid leanúnach an droichid agus é ag leanúint air ag meathlú) agus diúltaíodh dó toisc go mbeadh riosca méadaithe don phobal mar thoradh air agus, ar deireadh, go gcaillfí an fara dá dtitfeadh an struchtúr. Ní réiteodh an rogha seo an cás toisc go gcaillfí an fara sa deireadh mar gheall ar thitim an droichid.
- Pléadh chomh maith athlonnú an chrosaire nó tógáil bealaigh mhalartaigh; mar sin féin, bheadh tógáil talún i bhfad níos mó ag teastáil leis na roghanna seo, bheadh siad ina gcúis le caillteanas/suaitheadh gnáthóige méadaithe agus bheadh costas díréireach ag baint leo, agus ní chuirfí deireadh leis an riosca sábháilteachta go tráthúil ag an am céanna. Ní réiteodh an rogha seo an cás toisc go gcaillfí an fara sa deireadh mar gheall ar thitim an droichid.

Measadh gur bhreithnigh an t-iarratasóir gach rogha eile sásúil a bhí ar fáil agus nach raibh aon réiteach malartach eile le feiceáil an tráth sin. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach raibh rogha eile sásúil ann a bhainfeadh amach cuspóir na n-oibreacha gan cur isteach ar na hialtóga. Tar éis na réitigh fhéideartha a mheas chun fadhb an iarratasóra a réiteach i gcoinne éifeachtaí maolaithe ar an speiceas lena mbaineann, thángthas ar an gconclúid gur éirigh leis an iarratas i dTástáil 2.

Tástáil 3: Tionchar ar an Stádas Caomhantais

Bhí an líon ialtóg lena mbaineann mar chuid de phobal áitiúil níos leithne, dea-nasctha mar a léirítear i dtaifid eile ar fharaí don speiceas sin in aice láimhe. Measadh go raibh stádas caomhantais fabhrach ag an speiceas ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Áiríodh san iarratas tograí maidir le bearta maolaithe iomchuí, lena n-áirítear suirbhéanna réamhoibreacha, ialtóga a eisiamh ón bhfara sula dtosaíonn na hoibreacha, struchtúr sealadach fara a chur ar fáil agus na hoibreacha ar siúl agus soláthar fara ionaid le húsáid ag ialtóga nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe chomh maith le maoirseacht éiceolaíoch agus monatóireacht iaroibreacha. Mar

thoradh air seo, caillfear fara go sealadach agus ní ghortófar ná ní mharófar aon ialtóga. Ar an mbonn sin, d'éirigh leis an iarratas i dTástáil 3 agus eisíodh maolú le coinníollacha gaolmhara.

8. Foscríbhinn III – Sampla 2: Tógáil Forbartha Tithíochta

Tástáil 1: Cúis an Mhaolaithe: Rialachán 54(2)(c) - Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh

Moladh forbairt chónaithe de 420 aonad cónaithe, lena n-áirítear cuid shuntasach de thithíocht shóisialta agus inacmhainne, ar thalamh atá criosaithe le haghaidh forbartha cónaithe faoin bPlean Forbartha Contae ábhartha. Bhí an fhorbairt bheartaithe mar chuid de straitéis tithíochta áitiúil agus réigiúnach a glacadh a bhí dírithe ar aghaidh a thabhairt ar easnamh tithíochta a bhí ina chúis le hiarmhairtí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha. Bhí scála, suíomh agus cineál na forbartha riachtanach chun na cuspóirí seo a bhaint amach agus chun cur le feidhmiú éifeachtach an chórais tithíochta. Deimhníodh i suirbhéanna éiceolaíocha bonnlíne go raibh fara ialtóg shopránach (uimh. 6 Pipistrellus pygmaeus) laistigh de lorg na forbartha. Thángthas ar an bhfara i sean-seid, atá le scartáil chun oibreacha a dhéanamh. Measadh go raibh údar maith leis an ngníomhaíocht bheartaithe de réir Rialachán 54(2)(c) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, arna leasú, a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 16(1)(c) den Treoir maidir le Gnáthóga, ar mhaithe le cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, go sonrach soláthar tithíochta chun freastal ar riachtanais shainaitheanta agus phráinneacha na sochaí . Ar an mbonn sin, d'éirigh leis an iarratas i dTástáil 1.

Tástáil 2: níl aon rogha eile sásúil ann

I gcomhréir leis na ceanglais d'Airteagal 16, cuireadh réitigh mhalartacha san áireamh go hiomlán. Tíolacadh na roghanna seo a leanas san iarratas:

- Breithníodh raon suíomhanna malartacha le linn phróiseas na pleanála agus an roghnúcháin suímh, lena n-áirítear dáileachtaí talún níos lú nó nach bhfuil chomh srianta. Rinneadh neamhshuim de na roghanna malartacha sin toisc nach raibh siad ar fáil, nach raibh siad leordhóthanach ar scála chun spriocanna seachadta tithíochta a bhaint amach, nó toisc go raibh siad srianta ag toilleadh bonneagair, riosca tuilte, nó cúinsí comhshaoil eile. Ní réiteodh na roghanna sin an cás.
- Rinneadh machnamh freisin ar athdhearadh an fhorbartha atá beartaithe chun tionchair ar ialtóga a sheachaint go hiomlán. Mar sin féin, dá laghdófaí tuilleadh an lorg coise, ní bheadh an scéim inmharthana agus ní sheachadfadh sí na haschuir tithíochta is gá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas tithíochta. Chomh maith leis sin, ní raibh suíomh an tsean-seid oiriúnach chun fanacht laistigh de dhearadh a bheadh oiriúnach do thithíocht mar go mbeadh sé ina cheist sláinte agus sábháilteachta fadtéarmach inti féin. Ní réiteodh an rogha sin an cás.

Measadh gur bhreithnigh an t-iarratasóir gach rogha eile sásúil a bhí ar fáil agus nach raibh aon réiteach malartach eile le feiceáil an tráth sin. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil aon rogha eile sásúil ann a bhainfeadh amach cuspóir na n-oibreacha beartaithe agus a sheachnódh tionchair ar an speiceas ag an am céanna. Tar éis na réitigh fhéideartha a mheas chun fadhb an iarratasóra a réiteach i gcoinne éifeachtaí maolaithe ar an speiceas lena mbaineann, thángthas ar an gconclúid gur éirigh leis an iarratas i dTástáil 2.

Tástáil 3: Tionchar ar an Stádas Caomhantais

Measadh go mbeadh na tionchair ar ialtóga mar thoradh ar an bhforbairt teoranta ó thaobh fairsinge de agus áitiúil. Bhí an speiceas ialtóg lena mbaineann scaipthe go forleathan sa tírdhreach máguaird agus measadh go raibh stádas caomhnaithe fabhrach aige ar leibhéal náisiúnta. Leagadh amach san iarratas tograí cuimsitheacha maidir le maolú agus cúiteamh lena n-áirítear príomhghnéithe

gnáthóige a choinneáil agus a fheabhsú, láithreáin bhuana mhalartacha phórúcháin agus scíthe a chruthú roimh an tógáil agus oibreacha céimnithe faoi mhaoirseacht éiceolaíoch. Moladh clár fadaimseartha monatóireachta chun éifeachtacht na moltaí maolaithe a mheas. Ar an mbonn sin, d'éirigh leis an iarratas i dTástáil 3 agus eisíodh maolú le coinníollacha gaolmhara.